

OUR DAILY BREAD

FOOD IN GOD'S CREATION



Urnaithe Idirghuítreacha

Arna chur le chéile ag Catherine Brennan SSL
i gcomhar leis an tSiúr Ann Concannon SSL

Cuid 1 – Bia i gcruthú Dé

[Grianghraf: Susy Morris](#) 

A Dhia, a chruthaitheoir, táimid, agus sinn mar phobal agat, tar éis a bheith ag comhoibriú le do bhua cruthaitheach ar feadh na mílte bliain. Is é sin go mbímid i mbun oibre ar na tailte agus ar na farraigí mórtimpeall orainn chun bia a sholáthar a chothóidh sinn féin agus ár gcuid leanaí. Cabhraigh linn meas a thaispeáint ar an domhan féin agus ar na próisis nádúrtha a bhaineann leis, chun go mbeidh na glúine inár ndiaidh in ann an áis chéanna a bhaint as an domhan seo, a chothaíonn go fial ach go ligfear dó é.

Guímis go gcloise Dia sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don Chruthú uile

A Dhia atá tíolacthach, gura léir dúinn, agus sinn ag roinnt bia agus dí, gur ag brath ar gach aon bheith a bhímid dár gcuid nirt agus, go bunúsach, don saol féin. Go méadaí an tuiscint seo an meas atá againn ar a bhfuil ar an talamh, sa spéir, agus sa bhfarraige.

Guímis go gcloise Dia sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don Chruthú uile

A Dhia, a chruthaitheoir, tuigimid gur créatúir mhothaitheacha iad na hainmhithe óna bhfaighimid ár gcuid feola. Déanaimis cinnte, le cabhair ár gcuid cumhachta ceannaigh, go ndéantar ainmhithe a phóru, a iompar, agus a mharú i gcoinníollacha cearta daonnachtúla.

Guímis go gcloise Dia sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don Chruthú uile

A Spiorad, a chruthaitheoir, cuir aontacht eadrainn, ar ghuí Críost léi ag an Suipéar Déanach, chun go mbeimid ábalta ar fheabhas a chur ar chaighdeán gach aon ní dá bhfásann agus dá maireann.

Guímis go gcloise Dia sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don Chruthú uile

Gabhaimid buíochas as an domhan tíolacthach 'a thugann a thoradh go tráthúil'. Cabhraigh linn meas a léiriú ar shéasúracht an tsaoil sna roghanna a dhéanaimid ar bhia, ag glacadh leis an méid a thugann an domhan go nádúrtha gach aon séasúr, agus ag léiriú foighne agus sinn ag feitheamh le torthaí áirithe a fhásann go mall san aeráid mheasartha atá againne.

Guímis go gcloise Dia sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá don Chruthú uile

Sagart/ceannaire: A Dhia, guímis go mbeimid in ann bua na gcéadfaí a úsáid chun do chuid maitheasa a fheiceáil, a bholú, agus a bhlaiseadh san arán laethúil a roinnimid le chéile. Beannaigh orainn agus sinn ag dul tríd an saol le léirstean againn ar an mbronntanas grámhar a d'fhág tú againn; an nádúr. Guímis go bhféadfaimid a bheith meabhrach i riachtanais an ocaigh, agus go mbeimid in ann a bheith flaithiúil agus sinn ag freastal orthu sin. Iarraimid an méid seo trí Chríost ár dTiarna. **Áiméan.**

Cuid 2 – Cruthú Dé, bia agus sinn féin

A Íosa Críost, bhí beann agat ar gach aon duine agus chuir tú bia ar fáil dóibh dá réir sin. Cabhraigh le ceannairí an domhain gach aon ní is féidir leo a dhéanamh chun an t-ocras a leigheas sa lá atá inniu ann.

Guímis go gcloise an Tiarna sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá

A Dhia an ghrá, cabhraigh linn an damáiste atá déanta againn don domhan a chúiteamh, trí mheán do chuid grá don domhan agus na torthaí a thugann sé, sa tslí agus nach mbeidh ocras forleathan i measc na nglún le teacht.

Guímis go gcloise an Tiarna sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá

Tá d'aiséirí, a Chríost, tar éis ár ndomhan a athrú ó bhonn. Cabhraigh linn cás a bheith againn i gcúis na timpeallachta, chomh maith le beann umhal ar na créatúir go léir a bhfuil an fhoirse céanna acu, .i., an Cruthaitheoir grámhar.

Guímis go gcloise an Tiarna sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá

A Íosa Críost, tagann tú chugainn faoi bhriseadh an aráin sa tsúil go mbeimid in ann ár n-aontacht le pobal uile an tsaoil a cheiliúradh, chomh maith lenár gcuid ama ar an saol seo a thabhairt ag freastal. Cabhraigh linn a bheith ag maireachtáil ar shlí níos bunúsaí, chun go mbeidh slí bhunúsach mhaireachtála ag daoine eile.

Guímis go gcloise an Tiarna sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá

A Dhia, a chruthaitheoir, cabhraigh linn grá agus aire a thabhairt do thorthaí na talún, na farraige agus na spéire, á n-aithint go léir mar bhronntanais atá le caomhnú, le cosaint agus le roinnt.

Guímis go gcloise an Tiarna sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá

A Íosa Críost, dheimhnigh tú linn go raibh grá mór ag Dia dúinn. Go raibh meas againn orainn féin agus ar ár gcuid corp agus ar ár gcuid leasa spioradálta, trí úsáid mheasartha a bhaint as na dea-bhronntanais ar an domhan.

Guímis go gcloise an Tiarna sinn.

Freagra: A Thiarna, tabhair dúinn do ghrá

Sagart/ceannaire: Ó a Dhia, cabhraigh linn tuiscint a bheith again ar nádúr casta imspeách an tsaoil chruthaithe, agus sinn ag plé le bia. Ithimis ár gcuid béilí i ndlúthpháirtíocht leis an gcruthú, agus i gcomaoin Leatsa. Iarraimid an méid seo trí Chríost, arán na beatha. **Áimean**